

V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA RIARACHÁIN

OIFIG EORPACH UM ROGHNÚ FOIRNE (EPSO)

FÓGRA COMÓRTAS OSCAILTE

Ateangairí comhdhála (AD 5/AD 7)

EPSO/AD/311/15 – Seicis (CS)

EPSO/AD/312/15 – Cróitis (HR)

EPSO/AD/313/15 – Liotuáinis (LT)

EPSO/AD/314/15 – Máltais (MT)

Ní foláir clárú faoin sprioc-am seo: 11 Lúnasa 2015 ar 12 a chlog (meán lae), am na Bruiséile.

Tá an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO) ag eagrú comórtas oscailte ar bhonn trialacha chun painéil a thiomsú as a ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa, an Coimisiún Eorpach agus an Chúirt Bhreithiúnais baill nua den tseirbhís shibhialta a earcú, baill a bheidh ina riarthóirí agus a oibreoidh mar **“ateangairí comhdhála”** (grúpa feidhme AD).

Is iad an Fógra Comórtas seo agus na Rialacha Ginearálta maidir le Comórtas Oscailte, arna bhfoilsíú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh C 70 A an 27 Feabhra 2015 (<http://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=OJ:C:2015:070A:TOC>), creat dlí ceangailteach na bpróiseas roghnúcháin seo.

Na hiarrthóirí incháilithe uile a n-éireoidh trialacha ateangaireachta agus trialacha ginearálta an Ionaid Measúnaithe leo, cuirfear a n-ainm ar an bpainéal.

I ngach ceann de na comórtas seo tá dhá ghrád agus dhá rogha. Ní ceadmhach iarratas a dhéanamh ach ar aon chomórtas amháin, ar aon ghrád amháin agus ar aon rogha amháin. Ní mór duit an rogha a dhéanamh tráth an chlárúcháin ar líne agus ní féidir í a athrú i ndiaidh duit d'iarratas ar líne a dhearbhu agus a bhailíochtú ar líne.

Mar sin féin, más ar ghrád **AD 7** de cheann de na comórtas atá iarratas déanta agat, féadfaidh an bord roghnúcháin, **má thoilíonn tú chuige san iarratas ar líne**, d'iarratas a aistriú chuig grád **AD 5** den chomórtas céanna i gceann de na cásanna seo:

1. Léiríonn an scrúdú ar an eolas a thug tú san iarratas ar líne nach gcomhlíonann tú coinníollacha iontrála ghrád **AD 7** ach go gcomhlíonann tú coinníollacha iontrála ghrád **AD 5**.

2. Theip ort i gceann amháin de na trialacha ateangaireachta, nó sa dá cheann acu, sa teanga chéanna ag grád **AD 7**, ach tá an marc a ghnóthaigh tú ina phas ag grád **AD 5**.

3. Ghnóthaigh tú pas sna trialacha ateangaireachta uile agus i dtrialacha uile an Ionaid Measúnaithe, ach léiríonn scrúdú na ndoiciméid tacaíochta a chuir tú ar fáil nach gcomhlíonann tú coinníollacha iontrála ghrád **AD 7** ach go gcomhlíonann tú coinníollacha iontrála grád **AD 5**, agus ina theannta sin, tá an marc a ghnóthaigh tú ina phas ag grád **AD 5**.

DUALGAIS AN PHOIST

Is é príomhchúram a bhíonn ar ateangairí comhdhála ateangaireacht bheacht, go teanga oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh, a dhéanamh ar chaint a dhéantar le linn cruinnithe. Is féidir an ateangaireacht sin a bheith comhuaineach nó leantach. Bíonn réamhstaidéar ar ábhair agus ar théarmaíocht na gcruinnithe ina chuid den obair.

Tá tuilleadh eolais in IARSCRÍBHINN I faoi phríomhdhualgais an phoist.

NA COINNÍOLLACHA INCHÁILITHEACHTA

Ní mór d'iarrthóirí na coinníollacha UILE seo a chomhlíonadh nuair a bheidh siad ag bailíochtú a n-iarratais:

Coinníollacha ginearálta	— A gcearta mar shaoránach de Bhallstát den Aontas Eorpach a theachtadh — Aon oibleagáidí i dtaca le seirbhís mhíleata atá orthu de réir an dlí náisiúnta a chomhlíonadh — Na riachtanais charachtair a chomhlíonadh a theastaíonn chun dualgais an phoist a dhéanamh
Coinníollacha sonracha: teangacha	Caithfidh máistreacht a bheith ag na hiarrthóirí ar theanga an chomórtais, ar a scríobh agus a labhairt araon (leibhéal máthairtheanga nó a chothrom), agus caithfidh siad a bheith in ann an mháistreacht sin a léiriú. Tá dhá rogha teanga i ngach comórtas agus ag gach grád: Rogha 1: ateangaireacht go teanga an chomórtais (teanga A) ó dhá cheann nó trí cinn de theangacha éighníomhacha (teanga C), de réir an ghráid; Rogha 2: ateangaireacht ó theanga an chomórtais (teanga A) go dara teanga ghníomhach (teanga B) agus ateangaireacht go teanga A ó theanga B nó ó theanga B agus C, de réir an ghráid. Tá eolas in IARSCRÍBHINN II i dtaobh leibhéil teanga agus teaglamaí teangacha gach comórtais, gach grád agus gach rogha.
Coinníollacha sonracha: cáilíochtaí agus taithí oibre	(a) Bunchéim lánaimseartha aitheanta ollscoile san ateangaireacht chomhdhála a mhair ceithre bliana, a chríochnaigh an t-iarrthóir agus ar baineadh dioplóma amach ag a deireadh; nó (b) Céim mháistir aitheanta san ateangaireacht chomhdhála, a chríochnaigh an t-iarrthóir agus ar baineadh dioplóma amach ag a deireadh; nó (c) Bunchéim lánaimseartha aitheanta ollscoile trí bliana a chríochnaigh an t-iarrthóir agus ar baineadh dioplóma amach ag a deireadh, agus a bhfuarthas ar a laghad aon bhliain amháin de thaithí oibre mar ateangaire ina diaidh. Ní mór doiciméid a sholáthar a léiríonn go beacht cé mhéad lá oibre mar ateangaire comhdhála a chuir an t-iarrthóir isteach; nó (d) Bunchéim lánaimseartha aitheanta ollscoile trí bliana a chríochnaigh an t-iarrthóir agus ar baineadh dioplóma amach ag a deireadh, agus a ndearnadh cúrsa oiliúna acadúil iarchéime (seachas céim mháistir) san ateangaireacht chomhdhála ina diaidh, a mhair aon bhliain amháin ar a laghad, a chríochnaigh an t-iarrthóir, agus a bhfuil teastas nó doiciméad de shaghas eile ina chruthúnas air. Tá tuilleadh eolais i dtaobh dioplómaí in IARSCRÍBHINN I atá ag gabháil leis na Rialacha Ginearálta maidir le Comórtais Oscailte (http://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=OJ:C:2015:070A:TOC)

Grád AD 5

- Ní theastaíonn aon taithí oibre eile, cé is moite den bhliain de thaithí oibre a iarrtar faoi phointe (c) thuas.

Grád AD 7

- **Ceithre bliana** de thaithí oibre a fuair an t-iarrthóir i ndiaidh dó ceann de na dioplómaí thuasluaite a bhaint amach. Ní mór ar a laghad 100 lá d'ateangaireacht chomhdhála a bheith ina gcuid den taithí oibre sin, laethanta a cuireadh isteach ón dáta a comhlíonadh an coinníoll atá leagtha síos i bpointe (a), (b), (c) nó (d).

An taithí oibre ceithre bliana atá luaite thuas, teastaíonn sí sa bhreis ar an oiliúint a fuair an t-iarrthóir mar ateangaire comhdhála, oiliúint a bhfuil cáilíocht ina cruthúnas uirthi, agus an bhliain de thaithí oibre mar ateangaire comhdhála a iarrtar faoi phointe (c) thuas.

Ní mheasfar gur taithí ar an ateangaireacht chomhdhála aon cheann de na nithe seo: ateangaireacht do chúirteanna, ateangaireacht idirchaidrimh, ateangaireacht do ghnólachtaí, ateangaireacht do na seirbhísí sóisialta nó do sheirbhísí poiblí eile.

Ní mór **Béarla, Fraincis nó Gearmáinis** a roghnú mar theanga an Ionaid Measúnaithe. Is iad sin príomhtheangacha oibre institiúidí an Aontais Eorpaigh agus, ar mhaithe leis an tseirbhís, caithfidh earcaigh nua bheith ábalta dul i mbun oibre láithreach agus cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach le linn na hoibre laethúla i gceann amháin ar a laghad de na teangacha sin.

Tá tuilleadh eolais in IARSCRÍBHINN III ar úsáid teangacha i gcomórtais earcaíochta an Aontais Eorpaigh.

CONAS A DHÉANFAR AN ROGHNÚ**1) Réamhthriail ateangaireachta**

Má bhailíochtaíonn tú an fhoirm iarratais roimh an sprioc-am agus go léiríonn an t-eolas a thug tú san iarratas ar líne go gcomhlíonann tú na coinníollacha incháilitheachta tabharfar cuireadh duit réamhthriail ateangaireachta a dhéanamh i gceann d'ionaid chreidiúnaithe EPSO. Is éard a bheidh i gceist sa triail sin ateangaireacht chomhuaineach a dhéanamh ar chaint a taifeadadh (d'fhéadfadh sé go mbeadh ábhar closamhairc i gceist freisin).

Triail	Teanga	Fad ama	Pasmharc
Ateangaireacht chomhuaineach a dhéanamh ar chaint a taifeadadh	Rogha 1: ó theanga C1 go teanga A Rogha 2: ó theanga B go teanga A	Thart ar 10 nóiméad an ceann	10/20

Má ghnóthaíonn tú an pasmharc ar a laghad sa réamhthriail ateangaireachta, tabharfar cuireadh duit dul ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile den chomórtas. Féach, áfach, nach gcuirfear marcanna na trialach sin le marc na dtrialacha ateangaireachta (pointe 2).

Iarrthóirí a bhfuil creidiúnú idirinstiúideach acu mar ateangaire comhdhála cunta tráth bailíochtaithe a n-iarratais, ní chaithfidh siad an triail sin a dhéanamh. Is é *Inter-Institutional Test Office* sheirbhísí ateangaireachta an Aontais Eorpaigh a bhronnann an creidiúnú idirinstiúideach.

2) Trialacha ateangaireachta

Má ghnóthaigh tú pas sa réamhthriail ateangaireachta, nó má tá creidiúnú idirinstiúideach mar ateangaire comhdhála cúnta (iarrfar ort cruthúnas ar an gcreidiúnú a thabhairt sna doiciméid tacaíochta), tabharfar cuireadh duit na trialacha ateangaireachta a dhéanamh i gceann d'ionaid chreidiúnaithe EPSO.

Triail	Teanga	Fad ama	Pasmharc
Triail ateangaireachta iar-uainí	Ó gach teanga de chineál C agus/nó gach teanga de chineál B go teanga A, agus ó theanga A go teanga B (nuair is infheidhme sin)	6 nóiméad ar a mhéad	10/20
Triail ateangaireachta comhuainí	Ó gach teanga de chineál C agus/nó gach teanga de chineál B go teanga A, agus ó theanga A go teanga B (nuair is infheidhme sin)	12 nóiméad ar a mhéad	10/20
Ualú na dtrialacha ateangaireachta (inniúlachtaí sonracha)	75 % den mharc foriomlán		

Is féidir go n-úsáidfear cainteanna a taifeadadh ar ghléas closamhairc sna trialacha ateangaireachta comhuainí.

3) An tIonad Measúnaithe

Má ghnóthaigh tú an pasmharc ar a laghad sna trialacha ateangaireachta, tabharfar cuireadh duit freastal ar Ionad Measúnaithe ar feadh lae (is é is dóichí gur sa **Bhrúiséal** a bheidh sé). San Ionad Measúnaithe déanfaidh tú na trialacha ceisteanna ilroghnacha ar ríomhaire **i dteanga ghníomhach A agat** agus trialacha eile an Ionaid **i mBéarla (EN)**, **i bhFraincis (FR)** nó **i nGearmáinis (DE)**.

Trialacha ceisteanna ilroghnacha ar ríomhaire

Triail	Teanga	Líon ceisteanna	Fad ama	Pasmharc
Réasúnaíocht bhriathartha	Teanga ghníomhach A:	20 ceist	35 nóiméad	10/20
Réasúnaíocht uimhriúil	Teanga ghníomhach A:	10 gceist	20 nóiméad	An réasúnaíocht uimhriúil agus an réasúnaíocht bhriathartha le chéile: 10/20
Réasúnaíocht theibí	Teanga ghníomhach A:	10 gceist	10 nóiméad	

Trialacha díbeartha is ea iad na trialacha ceisteanna ilroghnacha ar ríomhaire, ach ní chuirfear san áireamh torthaí na dtrialacha sin agus an marc foriomlán á ríomh; mar sin féin, ní mór duit an pasmharc ar a laghad a ghnóthú chun fanacht sa chomórtas.

Déanfar ocht gcinn d'inniúlachtaí ginearálta a mheas san Ionad Measúnaithe le **trí thriail** (cur i láthair ó bhéal, agallamh ar bhonn inniúlachtaí agus gníomhaíocht i ngrúpa), faoi mar atá léirithe sa tábla thíos.

Déanfar marcanna na dtrialacha seo a chur le marcanna na dtrialacha ateangaireachta (féach pointe 2) chun marc iomlán gach iarrthóra a fháil.

Inniúlacht	Triail		Teanga
1. Anailísiú agus réiteach fadhbanna	Cur i láthair ó bhéal	Gníomhaíocht i ngrúpa	EN, FR nó DE
2. Cumarsáid	Cur i láthair ó bhéal	Agallamh ar bhonn inniúlachtaí	EN, FR nó DE
3. Cáilíocht agus torthaí	Cur i láthair ó bhéal	Agallamh ar bhonn inniúlachtaí	EN, FR nó DE
4. Foghlaim agus forbairt	Gníomhaíocht i ngrúpa	Agallamh ar bhonn inniúlachtaí	EN, FR nó DE
5. Tosaíochtaí a chur in ord tábhachta agus eagrúchán	Cur i láthair ó bhéal	Gníomhaíocht i ngrúpa	EN, FR nó DE
6. Buanseasmhacht	Cur i láthair ó bhéal	Agallamh ar bhonn inniúlachtaí	EN, FR nó DE
7. Obair bhuíne	Gníomhaíocht i ngrúpa	Agallamh ar bhonn inniúlachtaí	EN, FR nó DE
8. Ceannaireacht	Gníomhaíocht i ngrúpa	Agallamh ar bhonn inniúlachtaí	EN, FR nó DE
Pasmharc	40/80		
Ualú na n-inniúlachtaí ginearálta	25 % den mharc foriomlán		

4) **An painéal**

I ndiaidh doiciméid tacaíochta na n-iarrthóirí a sheiceáil, tiomsóidh an bord roghnúcháin **painéal**, do gach comórtas, do gach grád agus do gach rogha, de na hiarrthóirí incháilithe uile a ghnóthaigh pas i dtrialacha an Ionaid Measúnaithe. Is in ord aibítre a bheidh na hainmneacha ar an bpainéal.

CATHAIN IARRATAS A DHÉANAMH AGUS CONAS É A DHÉANAMH

Is féidir iarratas a dhéanamh ar shuíomh gréasáin EPSO <http://jobs.eu-careers.eu>. Ní foláir clárú faoin sprioc-am seo:

11 Lúnasa 2015 ar 12 a chlog (meán lae), am na Bruiséile.

IARSCRÍBHINN I

DUALGAIS

Is é príomhchúram a bhíonn ar ateangairí comhdhála ateangaireacht bheacht, go teanga oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh, a dhéanamh ar chaint a dhéantar le linn cruinnithe. Is féidir an ateangaireacht sin a bheith comhuaineach nó leantach. Bíonn réamhstaidéar ar ábhair agus ar théarmaíocht na gcruinnithe ina chuid den obair.

Chun ateangaireacht a dhéanamh mar is ceart, ní mór bheith in ann athrú de réir na gcúinsí (bíonn cruinnithe ann go minic, ar ábhair an-éagsúil agus bíonn an clár ama ag síorathrú), agus bheith in ann fadhbanna atá éagsúil agus ar minic casta iad a thuiscint mar is ceart, athruithe móra sna cúinsí a láimhseáil agus cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach. Ní mór duit bheith in ann chuig dianobair rialta, leat féin agus i bhfoireann, agus tú féin a oiriúnú do thimpeallacht oibre ilchultúrtha. Fad is a bheidh tú i mbun oibre caithfidh tú féachaint chuige go dtiocfaidh feabhas ar do chuid scileanna oibre, scileanna teicneolaíocha san áireamh. Lena chois sin, is féidir go n-iarrfar ort cur le do theaglamaí teangacha de réir riachtanais na seirbhíse. Go deimhin, i gcás daoine a earcóidh an Pharlaimint, beidh sin ina riachtanas oibre.

Sna hinstiúidí uile, bheadh sáreolas ar theangacha seachas na teangacha a iarrtar san fhógra comórtais seo ina bhuntáiste (fiú féin mura bhfuil siad ar theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh).

Lena chois sin, is féidir go n-iarrfar ar ateangairí atá ina n-oifigigh cáilíocht obair na ngníomhairí atá ina n-ateangairí comhdhála (AIC) a mheas agus cúraimí riaracháin a bhaineann leis an ateangaireacht a dhéanamh.

Is féidir go mbeidh ar an ateangaire comhdhála taisteal go minic chun a chuid oibre a dhéanamh (seachas ateangairí na Cúirte Breithiúnais, a mbeidh a gcuid oibre i Lucsamburg den chuid is mó).

Chun post a fháil sa Chúirt Bhreithiúnais, teastaíonn eolas maith ar an bhFraincis scríofa. Tá sin amhlaidh toisc gur teanga mhórhábhachta oibre í an Fraincis sa Chúirt Bhreithiúnais, agus dá bhrí sin ní mór eolas maith uirthi a bheith ag éinne ar mian leis a bheith ag obair ann.

Tá tuilleadh eolais ar sheirbhísí ateangaireachta an Aontais Eorpaigh ar fáil ar shuíomh gréasáin na n-institiúidí a mbaineann na seirbhísí sin leo: http://europa.eu/interpretation/index_ga.htm

Deireadh IARSCRÍBHINN I. Cliceáil anseo chun filleadh ar an bpríomhthéacs.

IARSCRÍBHINN II

TEAGLAMAÍ TEANGACHA DO GACH COMÓRTAS, GRÁD AGUS ROGHA:

Is éard is brí leis an téarma **“teaghlaim teangacha”** na teangacha a úsáideann an t-ateangaire agus é i mbun oibre. Tá gach teanga ina “teanga ghníomhach” nó ina “teanga éighníomhach”, agus tugtar teanga de chineál “A”, “B” nó “C” orthu thíos.

Teanga “A”: Do phríomhtheanga (máthairtheanga nó a cothrom), teanga a bhfuil máistreacht agat uirthi agus a ndéanann tú ateangaireacht isteach inti ó na teangacha oibre uile atá agat, go comhuaineach agus go leantach.

Teanga “B”: Teanga a bhfuil eolas fíormhaith agat uirthi, ar a shon nach í do mháthairtheanga í, agus a ndéanann tú ateangaireacht isteach inti ó na teangacha oibre uile atá agat, go comhuaineach agus go leantach.

Teanga “C”: Teanga a ndéanann tú ateangaireacht aisti agus a bhfuil lántuiscint agat uirthi.

EPSO/AD/311/15 – SEICIS (CS) – Grád AD 5**Rogha 1 (A+CC)**

Teanga ghníomhach A: Seicis

Teangacha éighníomhacha C:

— **C1:** Béarla, Fraincis **nó** Gearmáinis

— **C2:** teanga oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh (**nach í teanga A, teanga C1 ná Slóvaicis í**)

Rogha 2 (A+B)

Teanga ghníomhach A: Seicis

Teanga ghníomhach B: Béarla, Fraincis, Gearmáinis, Iodáilis, **nó** Spáinnis

EPSO/AD/311/15 – SEICIS (CS) – Grád AD 7**Rogha 1 (A+CCC)**

Teanga ghníomhach A: Seicis

Teangacha éighníomhacha C:

— **C1:** Béarla, Fraincis **nó** Gearmáinis

— **C2:** teanga oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh (**nach í teanga A, teanga C1 ná Slóvaicis í**)

— **C3:** teanga oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh (**nach í teanga A, teanga C1, C2 ná Slóvaicis í**)

Rogha 2 (A+B+C)

Teanga ghníomhach A: Seicis

Teanga ghníomhach B: Béarla, Fraincis, Gearmáinis, Iodáilis **nó** Spáinnis

Teanga éighníomhach C: teanga oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh (**nach í teanga A, teanga B ná Slóvaicis í**)

EPSO/AD/312/15 – CRÓITIS (HR) – Grád AD 5**Rogha 1 (A+CC)**

Teanga ghníomhach A: Cróitis

Teangacha éighníomhacha C:

- C1: Béarla, Fraincis **nó** Gearmáinis
- C2: teanga oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh (**nach í teanga A ná teanga C1 í**)

Rogha 2 (A+B)

Teanga ghníomhach A: Cróitis

Teanga ghníomhach B: Béarla, Fraincis, Gearmáinis, Iodáilis **nó** Spáinnis

EPSO/AD/312/15 – CRÓITIS (HR) – Grád AD 7**Rogha 1 (A+CCC)**

Teanga ghníomhach A: Cróitis

Teangacha éighníomhacha C:

- C1: Béarla, Fraincis **nó** Gearmáinis
- C2: teanga oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh (**nach í teanga A ná teanga C1 í**)
- C3: teanga oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh (**nach í teanga A, teanga C1 ná teanga C2 í**)

Rogha 2 (A+B+C)

Teanga ghníomhach A: Cróitis

Teanga ghníomhach B: Béarla, Fraincis, Gearmáinis, Iodáilis **nó** Spáinnis

Teanga éighníomhach C: teanga oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh (**nach í teanga A ná teanga B í**)

EPSO/AD/313/15 – LIOTUÁINIS (LT) – Grád AD 5**Rogha 1 (A+CC)**

Teanga ghníomhach A: Liotuáinis

Teangacha éighníomhacha C:

- C1: Béarla, Fraincis **nó** Gearmáinis
- C2: teanga oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh (**nach í teanga A ná teanga C1 í**)

Rogha 2 (A+B)

Teanga ghníomhach A: Liotuáinis

Teanga ghníomhach B: Béarla, Fraincis, Gearmáinis, Iodáilis **nó** Spáinnis

EPSO/AD/313/15 – LIOTUÁINIS (LT) – Grád AD 7**Rogha 1 (A+CCC)**

Teanga ghníomhach A: Liotuáinis

Teangacha éighníomhacha C:

- C1: Béarla, Fraincis **nó** Gearmáinis
- C2: teanga oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh (**nach í teanga A ná teanga C1 í**)
- C3: teanga oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh (**nach í teanga A, teanga C1 ná teanga C2 í**)

Rogha 2 (A+B+C)

Teanga ghníomhach A: Liotuáinis

Teanga ghníomhach B: Béarla, Fraincis, Gearmáinis, Iodáilis **nó** Spáinnis

Teanga éighníomhach C: teanga oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh (**nach í teanga A ná teanga B í**)

EPSO/AD/314/15 – MÁLTAIS (MT) – Grád AD 5**Rogha 1 (A+CC)**

Teanga ghníomhach A: Máltais

Teangacha éighníomhacha C:

— **C1:** Béarla, Fraincis **nó** Gearmáinis

— **C2:** teanga oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh (**nach í teanga A ná teanga C1 í**)

Rogha 2 (A+B)

Teanga ghníomhach A: Máltais

Teanga ghníomhach B: Béarla, Fraincis, Gearmáinis, Iodáilis **nó** Spáinnis

EPSO/AD/314/15 – MÁLTAIS (MT) – Grád AD 7**Rogha 1 (A+CCC)**

Teanga ghníomhach A: Máltais

Teangacha éighníomhacha C:

— **C1:** Béarla, Fraincis **nó** Gearmáinis

— **C2:** teanga oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh (**nach í teanga A ná teanga C1 í**)

— **C3:** teanga oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh (**nach í teanga A, teanga C1 ná teanga C2 í**)

Rogha 2 (A+B+C)

Teanga ghníomhach A: Máltais

Teanga ghníomhach B: Béarla, Fraincis, Gearmáinis, Iodáilis **nó** Spáinnis

Teanga éighníomhach C: teanga oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh (**nach í teanga A ná teanga B í**)

Deireadh IARSCRÍBHINN II. Cliceáil anseo chun filleadh ar an bpríomhthéacs.

IARSCRÍBHINN III

TEANGACHA

I bhfianaise an bhreithiúnais a thug Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (an Mór-Dhlísheomra) i gCás C-566/10 P, Poblacht na hIodáile v an Coimisiún, is mian le hinstitiúidí an Aontais a shonrú cé na fáthanna a bhfuil na teangacha as ar féidir an dara teanga a roghnú teoranta acu sa chomórtas seo do líon srianta de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh.

Dá bhrí sin, cuirtear in iúl do na hiarrthóirí gur roghnaíodh dara teangacha an chomórtais seo de réir riachtanais na seirbhíse, leas a fhágann go gcaithfidh earcaigh nua bheith in ann dul i mbun oibre láithreach agus nach mór é a bheith ar a gcumas cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le linn na hoibre laethúla. Ina éagmais sin, bheadh baol ann go gcuirfí bac mór le hobair na n-institiúidí.

Cleachtas seanbhunaithe is ea é an Béarla, an Fhraincis agus an Ghearmáinis a úsáid le haghaidh cumarsáid inmheánach in institiúidí an Aontais Eorpaigh, agus lena chois sin, is iad sin na teangacha is minice a mbíonn gá leo nuair a bhítear ag déanamh cumarsáide leis an saol lasmuigh nó ag láimhseáil cásanna. Ar a bharr sin, is iad an Béarla, an Fhraincis agus an Ghearmáinis na dara teangacha is leitheadaí san Aontas Eorpach agus is iad is mó a ndéantar staidéar orthu mar dhara teangacha. Ós amhlaidh atá, is féidir bheith ag súil faoi láthair le leibhéal áirithe oideachais agus inniúlachtaí gairme a bheith ag iarrthóirí ar na poist in institiúidí an Aontais Eorpaigh, mar atá, sáreolas ar cheann de na teangacha sin ar a laghad. Dá bhrí sin, agus leas na seirbhíse agus riachtanais agus inniúlachtaí na n-iarrthóirí á gcur sa mheá, agus sainréimse an chomórtais seo á chur san áireamh, tá ábhar maith ann trialacha a eagrú sna trí theanga sin chun a chinntiú go mbeidh na hiarrthóirí uile in ann a gcuid oibre a dhéanamh i gceann amháin de na teangacha sin ar a laghad, is cuma cén chéad teanga oifigiúil atá acu. Trí na hinniúlachtaí sonracha a mheas ar an dóigh sin, is féidir le hinstitiúidí an Aontais a meas a thabhairt ar ábaltacht na n-iarrthóirí dul i mbun oibre láithreach i dtimpeallacht atá cosúil leis an timpeallacht ina n-iarrfar orthu bheith ag obair.

Ar na cúiseanna céanna, tá ciall le teangacha cumarsáide idir na hiarrthóirí agus an institiúid a theorannú, teanga na n-iarratas san áireamh. Cinnteoidh sin, leis, go mbeidh an chomparáid a dhéanfar idir na hiarrthóirí agus an tseiceáil a dhéanfar orthu ar bhonn a n-iarratais, go mbeidh siad ar aon dul le chéile.

Ina theannta sin, chun go mbeidh cothrom iomaíochta ann, ní mór do gach iarrthóir, fiú má tá ceann de na trí theanga ina príomhtheanga oifigiúil aige, trialacha áirithe a dhéanamh sa **dara** teanga aige, agus beidh an dara teanga le roghnú as na trí theanga sin.

Tá na bearta sin gan dochar d'fhoghlaim tríú teanga ina dhiaidh sin i gcomhréir le hAirteagal 45(2) de na Rialacháin Foirne. Deireadh IARSCRÍBHINN III. Cliceáil anseo chun filleadh ar an bpríomhthéacs.
